Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais agus ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) rinne seo soláthar do sheirbhísí soláthair chaipitil i 2016 as leithreasuithe neamhchaite 2015 faoi na socruithe géilliúna iarchurtha a bunaíodh ag Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear farasbarr €8.71 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú:

***Idirbhearta in airgeadra eachtrach***

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús na míosa.

***Fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic ag misin thaidhleoireachta***

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí agus ceangaltais aon suimeanna maidir le misin thaidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le réadmhaoin ar cíos. Ní áirítear luach stoc arna shealbhú ag misin ag deireadh na bliana ach oiread.

***Ceangaltais***

Áirítear sna ceangaltais na suimeanna sin ar féidir go bhfuil an Roinn faoi dhliteanas go dlíthiúil lena n-aghaidh i 2017 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí ceangailteacha in-fheidhmithe.

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luacháil a cuireadh i gcrích in 2005 seachas

- talamh agus foirgnimh a fuarthas ó bhí 2005 a dtugtar a luach ar a gcostas
- trí áitreabh ambasáide a chuirtear san áireamh ar bhonn luachála gairmiúla a cuireadh i gcrích in 2011.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas agus í i mbun ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun cinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha soláthair. Tá an Roinn comhlíontach leis na treoirlínte seo seachas 3 chonradh ar luach €197,413. Síneadh na conarthaí seo thar an mbundáta conartha gan phróiseas nua iomaíoch. Rinneadh 8 gconradh breise ar luach €507,859 gan próiseas iomaíoch a chur i bhfeidhm. Níor lorgadh tairiscintí do na conarthaí ós rud é gur bhain 2 chinn acu le soláthar seirbhísí dílsithe TFC (€235,001) agus gur bhain 6 cinn le cásanna mar nach raibh ach soláthróir aonair oiriúnach amháin ar fáil (€272,858). Déanfar athbhreithniú ar na conarthaí seo ag foireann soláthair mo Roinne le linn 2017.

### *Clár na sócmhainní seasta*

Tá an Roinn ag obair ar thionscadal chun a clár sócmhainní caipitil a nuashonrú.

Go stairiúil, soláthraíodh maoiniú caipitil don Roinn trí mheán Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil. Níor soláthraíodh leithdháileadh ar leith caipitil do Vóta 27 Comhoibriú Idirnáisiúnta go dtí 2002. Dá bharr sin, tá líon sócmhainní san áireamh i sócmhainní seasta Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil atá inchurtha i leith Vóta 27 Comhoibriú Idirnáisiúnta. Tá an Roinn ag tabhairt faoi athbhreithniú ar na sócmhainní i Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus é i gceist sócmhainní ábhartha a aistriú chuig Vóta 27 Comhoibriú Idirnáisiúnta i 2017.

### *Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta*

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

### *Seirbhísí comhroinnte*

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bhainistíochta sheirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar acmhainní daonna agus do sheirbhísí comhroinnte párolla.

Ní mór dom bheith ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtaítear rialuithe cuí i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

26 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Méan Fomhair 2017

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Freastal ar Mhuintir na hÉireann sa mBaile agus Thar Lear agus chun Athmhuintearas agus Comhoibriú a chur chun cinn | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 67,273 | | | |
| | *Forlíontach* | 801 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 475 | 68,549 | 65,359 | 68,686 |
| B | Oibriú i dTreo Domhan atá Níos Cothroime agus níos Inmharthana | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 56,849 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,586 | 60,435 | 60,385 | 54,792 |
| C | Cur leis an Rathúnas trínár Leasanna Eacnamaíochta a chur Chun Cinn go hIdirnáisiúnta | | | | 27,896 |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 27,589 | | | |
| | *Forlíontach* | 614 | 28,203 | 28,088 | 26,927 |
| D | Luachanna agus Leasanna na hÉireann san Eoraip a Chosaint agus a Chur Chun Cinn | | 19,291 | 19,483 | 18,847 |
| E | An Tionchar agus an Cumas atá ag an Tír a cuid Spriocanna a Sheachadadh | | 41,009 | 42,109 | 39,655 |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 212,011 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,001 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 475 | **217,487** | **215,424** | **208,907** |
| | *Bain de* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 45,253 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,000 | **50,253** | **56,903** | **51,482** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 166,758 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 475 | | | |
| | | | **167,234** | **158,521** | **157,425** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid de leithreasuithe do sheirbhísí soláthair chaipitil nár caitheadh, nó iad ar fad, a thabhairt anonn le caitheamh sa chéad bhliain eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 8,713,785 | 7,533,377 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (475,000) |
| Farasbarr le tabhairt suas | 8,713,785 | 7,058,377 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Aschur** | **Aschur** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | | | 78,858 | 78,959 | 77,258 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | 5,144 | 5,255 | 6,136 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | 4,047 | 3,993 | 4,254 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 5,786 | 5,899 | 5,795 |
| v | Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí bainteacha | | | 20,129 | 24,380 | 17,424 |
| | | *Soláthar na bliana reatha* | 20,129 | | | |
| | | *Forlíontach* | 801 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 475 | 21,405 | 24,140 | 17,424 |
| vi | Costais áitreabh oifige | | | 25,119 | 23,310 | 23,723 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 100 | 2 | — |
| viii | Costais ionadaíochta agus lóistín thar lear | | | 10,525 | 11,406 | 11,181 |
| | | | | 150,984 | 152,964 | 145,771 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 62,460 | 63,136 |
| Pá | | 78,959 | 77,258 |
| Neamhphá | | 74,005 | 68,513 |
| **Ollchaiteachas** | | **215,424** | **208,907** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **56,903** | **51,482** |
| **Glanchaiteachas** | | **158,521** | **157,425** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (5,705) | | |
| Airgead Tirim ar dhiúscairt | 71 | | |
| Brabús ar dhiúscairt | (65) | | |
| Dímheas | 4,108 | | |
| | | (1,591) | 729 |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (6,078) | | |
| Méadú ar stoc | (3,126) | | |
| | | (9,204) | 5,707 |
| **Caiteachas díreach** | | **147,726** | **163,861** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glan-chaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte (nóta 1.1) | | 21,836 | 17,702 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,422 | 1,716 |
| **Costas glan clár** | | **171,984** | **183,279** |

### 1.1 Glan-Chaiteachas ar Sheirbhísí Comhcheangailte

I ndáil le Vóta 28 a iompraíodh in áit eile, tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 60 | 60 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 12,642 | 11,959 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 8,680 | 5,100 |
| Vóte 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 78 | — |
| Vóta 20 Garda Síochána | | — | 91 |
| Príomh Chiste – Pinsin Airí | m | 376 | 492 |
| | | 21,836 | 17,702 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **166,861** | **165,269** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 7,362 | 4,236 |
| Réamhíocaíochtaí | | 11,038 | 5,308 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 4,656 | 3,379 |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,486 | 1,904 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **24,542** | **14,827** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Speanais fhabhraithe | | 674 | 1,021 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 2,748 | 422 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.7 | 3,348 | 4,786 |
| Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (deontas) | 6.2 | 46 | 75 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **6,816** | **6,304** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **17,726** | **8,523** |
| **Glansócmhainní** | | **184,587** | **173,792** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **184,587** | **173,792** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 173,792 | 180,228 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 167,234 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (8,713) | | |
| Glan vóta | | | 158,521 | 157,425 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 21,836 | 17,702 |
| Caiteachas nach airgead tirim – cíos barúlach | 1 | | 2,422 | 1,716 |
| Costas glan clár | 1 | | (171,984) | (183,279) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **184,587** | **173,792** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí mótair | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016 | 156,544 | 3,304 | 48,766 | 66,811 | 275,425 |
| Breiseanna | — | 396 | 106 | 5,203 | 5,705 |
| Diúscairtí | — | (458) | — | (3) | (461) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016 | 156,544 | 3,242 | 48,872 | 72,011 | 280,669 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | — | 2,466 | 46,543 | 61,147 | 110,156 |
| Dímheas don bhliain | — | 337 | 851 | 2,920 | 4,108 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (453) | — | (3) | (456) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2016 | — | 2,350 | 47,394 | 64,064 | 113,808 |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016** | **156,544** | **892** | **1,478** | **7,947** | **166,861** |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **156,544** | **838** | **2,223** | **5,664** | **165,269** |

| **2.3 Bainc agus Airgead Tirim ag 31 Nollaig** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntais Misean agus cheanncheathrú | 9,801 | 8,714 |
| Iarmhéideanna Phá Máistir Ginearálta agus airgead tirim | (8,315) | (6,810) |
| | 1,486 | 1,904 |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Leabhair agus cártaí pas | 6,758 | 3,495 |
| Stoic phrótacail | 74 | 80 |
| Stáiseanóireacht | 472 | 586 |
| Postas réamhíoctha | 8 | 4 |
| Earraí Inchaite TF | 50 | 71 |
| | 7,362 | 4,236 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Cuntais roinne & gníomhaireachta | 2,860 | 1,024 |
| Cuntais óinchiste & agus fionraí pearsanta | 1,125 | 1,068 |
| Cuntais airleacan tuarastail iasachta | 159 | 201 |
| Ilghnéitheach | 1,626 | 1,086 |
| | 4,656 | 3,379 |

Tá san áireamh sna féichiúnaithe na féichiúnaithe sin ar consail oinigh iad, cuntais rialaithe phárolla agus iarmhéideanna beaga eile.

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1,378 | 1 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 647 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | — | 232 |
| Cáin Bhreisluacha | 36 | 26 |
| Seirbhísí Gairmiúla Cháin Shiarchoinneálach | 47 | 69 |
| | 2,108 | 328 |
| Ilghnéitheach | 640 | 94 |
| | 2,748 | 422 |

Tá san áireamh sna creidiúnaithe na creidiúnaithe tríú páirtí, suimeanna atá ag dul do Ranna eile Rialtais agus cuntais rialaithe phárolla.

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 8,713 | 7,058 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 475 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (5,366) | (2,747) |
| Glandliteanas don Státchiste | 3,348 | 4,786 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair ar fionraí | 4,656 | 3,379 |
| Banc agus airgead tirim | 1,486 | 1,904 |
| | 6,142 | 5,283 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,108) | (328) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (640) | (94) |
| Iarmhéideanna sochair: Cuntais deontais | (46) | (75) |
| | (2,794) | (497) |
| | | |
| | 3,348 | 4,786 |

**2.8 Ceangaltais**

Tá san áireamh sna ceangaltais na suimeanna sin ar féidir go bhfuil an Roinn faoi dhliteanas go dlíthiúil lena n-aghaidh i 2017 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí ceangailteacha in-fheidhmithe agus baineann siad le híocaíochtaí réadmhaoine ar cíos thar lear, le priontáil leabhrán pas agus le ceangaltais eile riaracháin.

| ag 31 Nollaig | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Déantar anailís ar an tsuim mar seo a leanas | | | |
| (i) | Costais oifig na bpasanna agus costais eile riaracháin | 3,180 | 6,542 |
| (ii) | Íocaíocht réadmhaoine ar cíos thar lear | | |
| Laistigh de bhliain amháin | | 4,841 | 4,947 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | | 5,888 | 6,069 |
| Cúig bliana agus níos mó | | 2,355 | 2,385 |
| Ceangaltais iomlána | | **16,264** | **19,943** |

Déantar ceangaltais cíosa maoine arna ndéanamh faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa maoine a fhritháireamh ag réamhíocaíochtaí. B'ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.394 milliún (2015:€1.12milliún).

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Aschur | Aschur |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Ár nDaoine** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | | 21,292 | 21,319 | 20,860 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,066 | | | |
| | | *Forlíontach* | 801 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 475 | 29,342 | 29,316 | 27,140 |
| A.3 | Caidrimh Chultúir le Tíortha Eile | | | 846 | 846 | 846 |
| A.4 | Cúnamh Éigeandála Consalachta | | | 79 | 15 | 3 |
| A.5 | Tacaíocht do Sheirbhís Eisimirce na hÉireann | | | 11,595 | 10,606 | 11,843 |
| A.6 | Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach | | | 2,745 | 3,257 | 5,344 |
| A.7 | An Ciste idirnáisiúnta d’Éirinn | | | 2,650 | — | 2,650 |
| | | | | 68,549 | 65,359 | 68,686 |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár A €3.2 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | (775) | Méadú ginearálta i gcostais oibriúcháin Seirbhís na bPasanna chun freastal a dhéanamh ar mhéadú suntasach ar an éileamh le haghaidh pasanna. Deonadh soláthar meastacháin fhorlíontaigh chun an costas breise a chlúdach. |
| Tacaíocht do Chláir Eisimirce na hÉireann | 989 | Rinneadh sábháil mar thoradh ar ghnóthachain ar Airgeadra Eachtrach agus mar gheall ar an am a fuarthas roinnt de na híocaíochtaí deontas. |
| Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach | (512) | Cuireadh deontais bhreise ar fáil mar chuid de chlár comórtha 2016. |
| An Ciste Idirnáisiúnta d’Éirinn | 2,650 | Ní raibh gá an deontas a íoc amach in 2016 mar gheall ar thimpeallacht oibríochta an IFI. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Aschur | Aschur |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Ár Luachanna** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | | 11,040 | 11,054 | 10,816 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | 5,349 | 5,587 | 5,173 |
| B.3 | Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 40,460 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,586 | 44,046 | 43,744 | 38,803 |
| | | | | 60,435 | 60,385 | 54,792 |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár B €0.1 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó)ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (238) | Méadú ginearálta ar chostais oibríochta in 2016 |
| Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | (3,284) | Bhí an measúnú ranníocaíochta do 2016 a fuarthas i ndara leath na bliana ó na NA níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis. Deonadh soláthar meastacháin fhorlíontaigh chun an costas breise a chlúdach |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Aschur** | **Aschur** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Ár Rathúnas** | | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | | 16,560 | 16,581 | 16,224 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | | 8,021 | 8,379 | 7,756 |
| C.3 | Cistí Chun Trádáil a Chur Chun Cinn | | | 480 | 345 | 284 |
| C.4 | Ranníocaíohtaí le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,528 | | | |
| | | *Forlíontach* | 614 | 3,142 | 2,783 | 2,663 |
| | | | | 28,203 | 28,088 | 26,927 |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár C €0.1 milliún níos airde ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| **Tuairisc** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh** **€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (385) | Méadú ginearálta ar chostais oibríochta in 2016. |
| Cistí cur chun cinn trádála | 135 | Caiteachas moillithe ag an gcomhchoimisiún eacnamaíoch. |
| Ranníocaíochtaí d´eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | (255) | Bhí na ranníocaíochtaí d´eagraíochtaí idirnáisiúnta níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis ag an am a socraíodh an buiséad. Deonadh an meastachán forlíontach chun an costas a chlúdach. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Aschur | Aschur |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Ár nÁit san Eoraip** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 14,194 | 14,213 | 13,906 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 4,679 | 4,887 | 4,525 |
| D.3 | Gníomhaíochtaí mar Thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 383 | 416 |
| | | 19,291 | 19,483 | 18,847 |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár D €0.2 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (208) | Méadú ginearálta ar chostais oibríochta in 2016. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| **E** | **An Tionchar atá againn** | Soláthar meastacháin | Aschur | Aschur |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | 15,772 | 15,792 | 15,452 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 24,735 | 25,836 | 23,919 |
| E.3 | Seirbhísí faisnéise | 502 | 481 | 284 |
| | | 41,009 | 42,109 | 39,655 |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár E €1.1 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - Neamhphá | (1,101) | Méadú ginearálta ar chostais oibríochta in 2016. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 41,020 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,000 | 46,020 | 53,370 | 47,271 |
| 2. | Aisíocaíocht ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála | | 30 | 2 | 2 |
| 3. | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | | 750 | 909 | 739 |
| 4. | Ilghnéitheach | | 500 | 271 | 443 |
| 5. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | 2,953 | 2,351 | 3,027 |
| | Iomlán | | 50,253 | 56,900 | 51,482 |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos i gcás gach ceannteidil nuair a bhí an táirgeacht éagsúil ón tsuim a measadh faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5%.Tríd is tríd, bhí an ioncam ó Leithreasaí-i-gCabhair €6.647 milliún níos mó ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | (12,350) | Bhí ioncam chun tosaigh faoi €12.35 milliún mar gheall ar an méadú suntasach maidir le hiarratais do phasanna. Ós rud é gur seirbhís í seirbhís na bpasanna atá bunaithe ar éileamh bíonn sé deacair réamh-mheas a dhéanamh le dearfacht maidir le leibhéal na n-iarratas nó an meascán iarratas a gheofar i mbliain ar bith ar leith. Chuaigh fachtóirí suntasacha polaitíochta idirnáisiúnta i bhfeidhm ar líon na n-iarratas go déanach i 2016. |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean as luach saothair na seirbhíse poiblí | 602 | Tá laghdú ar na hasbhaintí a bhaineann le pinsean mar gheall ar leibhéal ranníocaíochta níos ísle i ndáil le comhaontuithe Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdún. |
| Aisíocaíochtaí CBL do na misin taidhleoireachta. | (159) | Rinneadh aisíocaíochtaí breise CBL le linn na bliana. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 1,287 | 1,202 |

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 71,504 | 70,785 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 183 | 176 |
| Liúntais eile | 174 | 164 |
| Ragobair | 866 | 727 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,465 | 3,260 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 2,767 | 2,146 |
| **Pá Iomlán** | **78,959** | **77,258** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochta ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair 2016 € | Uasíocaíocht Aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 50 | 5 | 19,828 | 16,211 |
| Liúntais eile | 98 | — | 9,044 | 8,080 |
| Ragobair | 385 | 17 | 30,345 | 32,781 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 81 | 21 | 35,913 | 36,567 |

**5.2 Socruithe eile maidir le Luach Saothair**

Íocadh íocaíochtaí arb ionann €35,789 (2015:€14,738) iad le 9 (2015:5) a bhí ar scor agus ar fostaíodh iad chun saintascanna a dhéanamh.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €26,142.83 (2015: €118,770) iad le 1 bhall foirne (2015: NIL) a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáidí thar lear.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €125,2331 iad le 6 iar-bhall foirne Aireachta i 2016. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí i 2015.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana € 125,402 (cásanna 80 ) (2015 € 7,070, cásanna 6). Bhí plean aisghabhála i bhfeidhm maidir le seacht gcás déag acu sin agus ní raibh aon phlean aisghabhála i bhfeidhm maidir le seasca a trí chás acu. Bhí trí chás déag ró-íocaíochta eile ann de shuimeanna neamhchinntithe.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais dlí

Tá costais dlí a íocadh i rith na bliana catagóirithe mar a leanas:

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a íocann an Roinn | A bronnadh costais dlí | A d'íoc na costais dlí Rannóg Cúiteamh bronnta | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh de chuid fostaithe an Vóta** | — | — | — | — | — | 44 |
| **Éilimh de chuid bhall den phobal** | 2 | 25 | — | 13 | 38 | 6 |
| | 2 | 25 | — | 13 | 38 | 50 |

### 6.2 Caidrimh Chultúrtha le Tíortha Eile (Deontas)

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 75 | 105 |
| Deontas (fo-mhírcheann A.3) | 846 | 846 |
| | 921 | 951 |
| Caiteachas | (875) | (876) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 46 | 75 |

### 6.3 Calaois agus Calaois Amhrasta

Le déanaí d´aithin an Roinn cás amháin calaoise/mírialtachtaí amhrasta. Tá fiosrúchán tionscanta ag an Roinn nach bhfuil díreach ach tar éis tosú fós agus déanfaidh sin nádúr agus méid na calaoise/mírialtachtaí a shoiléiriú. Tugadh faisnéis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin gcás seo. Is é polasaí na Roinne gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun cistí Státchiste a aisghabháil nuair a tharla calaois nó mírialtachtaí.